

Cuardach fós ar siúl

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuirisc faoin eitleán atá ar iarraidh in oirdheisceart na hÁise. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, áfach, an féidir leat na focail seo a aimsiú?

1. i dtír eile: t _ _ _ _ _
2. an tír ina bhfuil na Sínigh: _ _ _ _ _
3. is é Kuala Lumpur an phríomhchathair: _ _ _ _ _
4. rud a dhéanamh níos tapa: d _ _ _ a _ _ _ _ le
5. gan aon scéala faoi: t _ _ _ ná t _ _ _ _ _
6. caillte: _ _ i _ _ _ _ _
7. scrúduithe: _ á _ _ _ l _ _ _ _
8. muintir na Síne _ _ n _ _ _ na Síne
9. neamhchinnteacht: é _ _ _ _ _
10. glacadh seilbh ar an eitleán: f _ _ _ _ _ an t-eitleán

Féachaigí ar an tuairisc uair amháin le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Cad a bhí ar eolas agat faoin scéal seo sular fhéach sibh ar an tuairisc?

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc den dara huair agus freagair na ceistanna.

1. Cé mhéad duine a bhí ar an eitleán agus cá raibh sé ag dul?
2. Cén fáth a bhfuil an tSín ag cur brú ar údarais na Malaeisia?
3. Cad a bhí le rá ag John Ó Liodáin?
4. Cén t-eolas a thugtar faoin mbeirt fhear a raibh pasanna goidte acu?

Ceist 4 Cén fáth a bhfuil *t* roimh na focail seo a leanas?

An tSín an t-eitleán

Cuir isteach *t* nó *t*- san áit a bhfuil sé ag teastáil sna samplaí seo thíos.

an athair	an sagart
an iníon	an seachtain
an am	an sochaí
an aiste	an Satharn
an aerlíne	an samhradh
an ábhar	an saotharlann
an alt	an sraith pictiúr
an Áis	an saol
an uisce	an sráid

Ceist 5 Cén fhoirm den ainmfhocal atá i gceist sna samplaí seo a leanas?
Cén inscne a bhíonn ag ainmneacha tíortha de ghnáth?

‘aerlínte **na Malaeisia**’
‘bunadh **na Síne**’
‘oirdeisceart **na hÁise**’

Lean an patrún céanna leis na samplaí seo thíos:

foireann + Éire
i gcoinne + an Iodáil
uachtarán + an Fhrainc
seansailéir + an Ghearmáin
stair + an Eoraip
arm + an Rúis
géarchéim + an Úcráin
príomh-aire + an Bhreatain
muintir + an Pholainn

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. An mbíonn eagla ort féin nuair a bhíonn tú ar eitleán? Cén fáth?
2. An bhfuil cuimhne agat ar aon am eile a fuadaíodh eitleán?
3. Cad é an timpiste eitleáin is mó a tharla le tamall?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

- | | |
|--|-------------------------------|
| 1. i dtír eile: | <i>thar lear</i> |
| 2. an tír ina bhfuil na Síne: | <i>an tSín</i> |
| 3. is é Kuala Lumpur an phríomhchathair: | <i>an Mhalaeisia</i> |
| 4. rud a dhéanamh níos tapa: | <i>dlús a chur le</i> |
| 5. gan aon scéala faoi: | <i>tásc nó tuairisc</i> |
| 6. caillte: | <i>ar iarraidh</i> |
| 7. scrúduithe: | <i>tástálacha</i> |
| 8. muintir na Síne | <i>bunadh na Síne</i> |
| 9. neamhchinnteacht: | <i>éiginnteacht</i> |
| 10. glacadh seilbh ar an eitleán: | <i>fuadaíodh an t-eitleán</i> |

Ceist 2

Pléigh ábhar na míre leis na foghlaimeoirí sula seinnfear an tuairisc arís.

Ceist 3

1. Bhí an eilt ag dul ó Kuala Lumpur go Béising na Síne agus bhí dhá chéad tríocha naoi paisinéir ar an eitleán.
2. Ba de bhunadh na Síne cuid mhaith de na paisinéirí a bhí ar an eitleán agus tá a dteaghlaigh ag fanacht ar scéala fúthu. Tá an tSín ag impí ar an Malaeisia dlús a chur leis an gcuardach dá bharr sin.
3. Deir sé go bhfuil a lán éiginnteachta i measc theaghlaigh na ndaoine a bhí ar an eitleán. Tá na teaghlaigh Shíneacha ar fad bailithe le chéile i gceantar faoi leith i mBéising agus tá siad ag fanacht ar scéala ó na húdaráis sa Mhalaeisia. Níl aon scéala ag teacht áfach agus tá agóidí ag tosú dá bharr sin.
4. Tá eolas ag na húdaráis faoi dhuine amháin den bheirt fhear a raibh pasanna goidte acu ach níl siad ag tabhairt le fios cé hé go fóill. Deir na húdaráis nach féidir a dheimhniú nár fuadaíodh an t-eitleán.

Ceist 4

An t-eitleán: Cuirtear t- roimh ainmfhocal firinsneach dar tús guta tar éis an ailt 'an'.

An tSín: Cuirtear t roimh ainmfhocal baininsneach a thosaíonn ar s tar éis an ailt 'an'.

an t-athair	an sagart
an iníon	an tseachtain
an t-am	an tsochaí
an aiste	an Satharn
an aerlíne	an samhradh
an t-ábhar	an tsaotharlann
an t-alt	an tsraith pictiúr
an Áis	an saol
an t-uisce	an tsráid

Ceist 5

Tá ainmneacha na dtíortha sin sa tuiseal ginideach, uimhir uatha, baininsneach. Bíonn ainmneacha tíortha baininsneach de ghnáth (seachas eisceachtaí ar nós 'Meiriceá' agus 'Sasana').

foireann na hÉireann	i gcoinne na hIodáile
uachtarán na Fraince	seansailéir na Gearmáine
stair na hEorpa	arm na Rúise
géarchéim na hÚcráine	príomh-aire na Breataine
muintir na Polainne	

Ceist 6

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceistanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Emer Ní Chonaola

Thar lear, tá an tSín ag impí ar an Malaeisia dlús a chur leis an gcuardach ar eitleán a d'ímigh gan tásca ná tuairisc go luath maidin Dé Sathairn seo caite. Deir na húdaráis sa Mhalaeisia go bhfuil eolas acu faoi dhuine de na daoine a bhí ar bhord an eitleáin¹ agus a raibh pas goidte aige.

Caoimhe Ní Chonchoille

Chóir a bheith trí lá atá caite anois ó chuaigh eitleán de chuid aerlínte na Malaeisia ar iarraidh in oirdheisceart na hÁise agus níl tásca ná tuairisc uirthi go fóill. Dhá chéad tríocha naoi duine a bhí ar bhord na heitilte agus í ar a bealach ó Kuala Lumpur go Béising nuair a chuaigh sí ar iarraidh. Léirigh tástálacha ar ola a fuarthas amach ó chósta na Malaeisia nach dtáinig² sé as eitleán. Tá an tSín ag impí ar an Mhalaeisia dlús a chur faoin chuardach.

I mBéising, tá teaghlaigh na ndaoine a bhí ar bhord an eitleáin ag fanacht le scéala ach níl mórán eolais faighte acu go fóill.

John Ó Liodáin

Ón méid daoine a bhí ar an eitleán é féin, do bhí cuid mhaith de bhunadh na Síne agus tá ana-chuid daoine bailithe le chéile in...i gceantar darb ainm Lido, anseo i mBéising agus tá siad ag cuardach eolais mar gheall ar an eitleán agus tá ana-chuid agóidí ag tosú anois toisc nach bhfuil siad in ann teacht ar an eolas. An craoltóir náisiúnta anseo sa tSín, *Xinhua*, ní féidir leo an t-eolas a fháil ó rialtas na Malaeisia. Tá ana-chuid éiginnteachta ar siúl anois.

Caoimhe Ní Chonchoille

Idir an dá linn, tá eolas faighte ag na húdaráis sa Mhalaeisia faoi dhuine den bheirt fhear a bhí ar bhord an eitleáin le pas goidte, ach níl siad ag tabhairt le fios cé hé féin go fóill. Deir na húdaráis nach féidir a dheimhniú go fóill nár fuadaíodh an t-eitleán. Caoimhe Ní Chonchoille, Nuacht TG4.

¹ ar bord an eitleáin a deirtear

² Nár tháinig atá sa Chaighdeán Oifigiúil